# Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Aicmithe Scannán 2010

23

49

66

115

41

23

IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE

## Clár na nÁbhar


1. Litir chuig an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais 1
2. Príomhfhorbairtí in 2010 3
3. Deimhniú d'Imeachtaí Cúirte 7
4. Airgeadas 7
5. Deimhniú Scannáin Phictiúrlainne 9
6. Deimhniú Físeán/DVDanna 11
7. Ceadúnais a eisíodh 11
8. Foireann 13

IFCO

Chuig Alan Shatter, T.D.
An tAire Dlí agus Cirt
agus Comhionannais.

A Aire, a chara,

Is deas liom Tuarascáil Bhliantúil an Stiúrthóra Aicmithe Scannán a chur faoi do bhráid le haghaidh 2010, amhail a fhorordaítear faoi Alt 29 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989.

Ba bhliain chomhdhlúithe 2010 d'IFCO tar éis gur bhogamar ó Ardán Fhearchair go dtí an áis úrscothach i Margadh na Feirme.

Baineann na háiseanna nua amhairc intí dár ngnólacht DVD na caighdeáin is airde amach. Tá ag éirí go rí-mhaith linn agus sinn ag amharc ar gach eisiúint chineama faoi chomhaontú ceadúnais le Pictiúrlann an Light House agus d'éirigh linn go leor airgid a shábháil dá bharr, in ionad an cháis eile ina raibh áis um chur ar scáileán a saintógadh dúinn a chur ar fáil dúinn.

Tá leas á bhaint as an áis nua eislín anois ag tromlach ár gcliant gnó agus mhéadaigh sí éifeachtúlacht go mór agus laghdaigh sí an brath a bhí againn ar thaifid pháipéir.

B'ionann ioncaim na hOifge le haghaidh 2010 agus €2.514 milliún, ar méadú €116,000 seo ar 2009. Ní léiríonn seo méadú ar ghnó, ach ar thráthúlacht íocaíochtaí ag cliaint – rinneadh an mhórchuid díobh roimh ré.

B'ionann an líon eisiúintí scannáin chineama a aicmíodh i rith na bliana agus 317, ar méadú beag seo ar 2009. Bhí laghdú 12%, in ainneoin sin, le sonrú ar DVDanna a seoladh isteach chugainn. Ceapaim go leanfaidh an treocht seo amach anseo agus go dtiocfaidh laghdú ar an ráta laghdaithe, le cúnamh Dé, go dtí go mbainfear leibhéal amach nach n-athróidh mórán.

I rith 2010, ar aon dul leis an mbeartas a luaitear ina ndéantar gníomhaireachtaí comhchosúla a chónascadh, ghlac IFCO le feidhm rúnaíochta don Bhord um Scrúdaitheoireacht Foilseachán agus don Bhord Achomhairc um Scrúdaitheoireacht Foilseachán araon.

Leanann an Córas Pan-Eorpach um Fhaisnéis Cluichí (PEGI) le físchluichí a aicmiú. Is gnách go gcuirtear cluichí a dhéanann an PEGI a rátáil do dhaoine 18 mbliana d'aois faoi bhráid IFCO ar mhaithe le hiad a scrúdú d'fhonn comhlíonadh Alt 1(1) den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989 a chinntiú.

I gcomhréir le téarmaí Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí, rinne IFCO a mbonn costais a laghdú go mór agus coimeádfar seo sna blianta amach romhainn.

Mar fhocal scoir, is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl don rannpháirtíocht a rinne an fhoireann Aicmitheoirí Cúnta, Bainisteoir na hOifige, Mary Ita O'Sullivan, mo chomhghleacaithe státseirbhíse ag IFCO agus ag Rannóg Gnóthaí Corparáideacha na Roinne. Ina theannta sin, ba mhian liom iarrachtaí Mark Brennan, Marian McGennis agus P.J. Sheridan a aithint, ar tháinig deireadh lena gconarthaí mar Aicmitheoirí Cúnta in 2010.

Is mise, le meas,

Ger Connolly
Stiúrthóir Gníomhach Aicmithe Scannán

IFCO

“Roinnt radharc a chuirfeadh beagán de scanrú ar dhaoine.”
(Comhairle do thomhaltóirí ar *Toy Story 3* ar láithreán gréasáin IFCO)



Toy Story 3
Stiúrthóir: Lee Unkrich

G

## Príomhfhorbairtí in 2010

**Gníomhaíocht Oibríochtúil**
B'ionann an líon iomlán de phríomhscannáin chineama a deimhníodh i rith 2010 agus 317, ar méadú 3.3 faoin gcéad seo ar 2009.

B'ionann an líon iomlán DVDanna a deimhníodh agus 5,919, ar laghdú 12 faoin gcéad seo ar 2009. Seo treocht dhomhanda agus leanfaidh sí ar aghaidh in 2011.

**Achomhairc**
Rinne an Bord Achomhairc Aicmithe Scannán breithniú ar achomharc amháin i rith 2010.

In Iúil, rinne an dáileoir an deimhniú a tugadh do *The Hole 3D* a achomharc (E1 Entertainment). Rinneadh cinneadh an Stiúrthóra Ghníomhaigh a dhearbhú agus deimhníodh an scannán mar 15A.

**Toirmeasc**
I rith 2010, rinneadh ordú toirmisc maidir le léiriú 1978 de I Spit On Your Grave. Tá cásanna toirmisc den chineál sin ag éirí níos annaimhe, ach tá sé de chumhacht ag IFCO, fós féin, chun amhlaidh a dhéanamh má sáraíodh an reachtaíocht.

**Scannáin Eisiúna Teoranta**
B'ionann an líon scannáin eisiúna teoranta a deimhníodh in 2010 agus 124, ar méadú 13 é seo ar 2009. In 2010, áiríodh leis an tionscnamh seo scannáin ar nós *Chico & Rita, Vincere, The Secret in Their Eyes, The Disappearance of Alice Creed, One Hundred Mornings* agus *Winter's Bone*.

**DVDanna Eisiúna Teoranta**
Bhí 2010 an dara bliain iomlán ina raibh feidhm ag an scála táillí laghdaithe le haghaidh DVDanna eisiúna teoranta. B'ann do 1,243 iarratas den chineál sin agus chabhraigh an tionscnamh seo leis an meath a tháinig ar DVDanna a seoladh isteach a mhaolú, mar aon leis an deis a thabhairt don phobal amhairc rochtain a fháil ar theidil mhargadh nideoige a d'fhéadfadh bheith neamheacnamaíoch lena n-eisiúint in Éirinn murach sin.

**Bainistíocht Costais**
Mar thoradh ar Chomhaontú na Seirbhíse Poiblí 2010-2014 agus ar an mbuntiomantas chun coigiltí a bhaint amach, laghdaigh IFCO a dtoradh anuas ó €1,171 milliún in 2009 go dtí €729,000 in 2010. Cé gur thabhaigh an oifig in 2009 roinnt costais aonuaire, baineadh na coigiltí seo amach go príomha trí choigiltí párolla agus costais. Coimeádfar na coigiltí seo trí théarma an chomhaontaithe agus ina dhiaidh sin.

**Forbairtí TF**
Leanann na feabhsaithe a rinneadh in 2009 ar ár gcóras TF do na custaiméirí agus dár gcustaiméirí gnó bheith an-rathúil.

**Físchluichí**
Leanann Éire bheith mar bhall réamhghníomhach den Chóras Pan-Eorpach um Fhaisnéis faoi Chluichí (PEGI), áit ina bhfuil córas féinrialaithe tionscail i bhfeidhm. Déanann PEGI na teidil seo a sheiceáil i leith ábhair le comhlíonadh a gcuid caighdeán a chinntiú.

D'fhonn comhlíonadh an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989 a chinntiú, tá ag IFCO comhaontú le PEGI ina gcuirtear gach cluiche a aicmítear mar 18 faoi bhráid IFCO, sula n-eisítear iad, lena gceadú iad a dháileadh in Éirinn.

IFCO

“Foréigean fantaise íseal/measartha. Tá déine i gceist le radhairc throda le claimhte le carachtair fantaise a d’fhéadfadh cuid den lucht féachana óg a scanrú.”
(Comhairle do thomhaltóirí ar *Alice in Wonderland* ar láithreán gréasáin IFCO)



Alice in Wonderland
Stiúrthóir: Tim Burton

PG

Déanann córas PEGI físchluichí a rátáil faoi na catagóirí aoise a leanas: 3, 7, 12, 16 agus 18.

Mar aon le hÉirinn, is iad baill bhunaidh PEGI an Ostair, an Bheilg, an Danmhairg, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghréig, an Iodáil, Lucsamburg, an Ísiltír, an Iorua, an Phortaingéil, an Spáinn, an tSualainn, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe. Chomh maith leis sin, baineann na tíortha a leanas leas as PEGI: an Bhulgáir, an Chipir, Poblacht na Seice, an Eastóin, an Ungáir, an Íoslainn, Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóvaic agus an tSlóivéin.

Is é láithreán gréasáin PEGI www.pegi.info

**Taighde agus Feasacht Phoiblí**
Tá seacht mbliana caite ó thug IFCO faoi shuirbhé ar mheonta i leith aicmiú scannán agus tá sé bliana caite ó rinneadh an mórfheachtas deireanach um fheasacht phoiblí.

Agus aird ar an dul chun cinn teicneolaíochta a rinneadh i siamsaíocht bhaile, mar aon le cur chun cinn cineama 3D, tá gá práinneach ann le dul i gcomhairle leis an bpobal lena bhfuil siad ag súil leis a dheimhniú agus chun cabhrú le IFCO chun tuairimí an phobail i gcoitinne a léiriú. Ina theannta sin, tá gá ann go dtabharfaidh IFCO faoi fheachtas réamhghníomhach um fhaisnéis phoiblí a leagann béim do thuismitheoirí ar na huirlisí a bhfuil siad in ann leas a bhaint astu. Ar a shon sinn, táimid eolach ar na himpleachtaí buiséid lena mbaineann a leithéid de thionscadal ag an tráth seo.

**Grúpaí Fócais**
Amhail blianta roimhe seo, chuir sraith cur ar scáileáin a rinne grúpa fócais ar chumas IFCO dul i dteagmháil le tuismitheoirí, ógánaigh, daltaí dara agus tríú leibhéal, oideachasóirí, síceolaithe agus a dtuairimí a fhiosrú. Thug duine dár bhfoireann Aicmitheoirí Cúnta, Mark Brennan faoin bhfreagracht lena mbaineann cur ar scáileán/plé ghrúpa fócais IFCO a chomhordú.

Rinne an Stiúrthóir Gníomhach, Ger Connolly, cur i láthair le linn na bliana ag ionaid áirithe timpeall na tíre.

**Comhlíonadh Reachtaíochta**
Amhail blianta roimhe seo, leanann IFCO le comhoibriú leis an nGarda Síochána agus le Custaim maidir lena bhforfheidhmiú reachtaíochta faoina n-oibríonn IFCO.

**Láithreán Gréasáin IFCO**
Tháinig laghdú ar líon na gcuairteoirí ar láithreán gréasáin IFCO faoi 9 faoin gcéad i gcomparáid le 2009 (365,413 lódáil leathanaigh ar an iomlán in 2010). Cuireann seo díomá orainn mar gheall go mbraitheann iad siúd a bhaineann leas as an láithreán gurb uirlis an-fhiúntach atá ann agus leagann sé béim ar an ngá atá le IFCO chun tabhairt faoi fheachtas um fhaisnéis phoiblí.

**Scrúdaitheoireacht Foilseachán**
Mar chuid de réasúnú na ngníomhaireahctaí Stáit, tá anois ag IFCO feidhm rúnaíochta don Bhord um Scrúdaitheoireacht Foilseachán agus don Bhord Achomhairc um Scrúdaitheoireacht Foilseachán.

IFCO

"Sraitheanna rialta gníomhaíochta, lena n-áirítear airm, foréigean agus marú i láithreacha neamhréalaíocha. Baineann seo ardchéim aicmiú 12A amach."

(Comhairle do thomhaltóirí ar *Inception* ar láithreán gréasáin IFCO)




Inception

Stiúrthóir: Christopher Nolan

12A

## Deimhniú d'Imeachtaí Cúirte

Atreoraíonn an Oifig gearáin maidir le sáruithe fhorálacha an Achta um Scrúdaitheoireacht Scannán, 1923, agus an Achta um Fhístaifeadtaí, 1989, chuig an nGarda Síochána lena bhfiosrú.

Faoi Alt 23 den Acht um Fhístaifeadtaí, 1989, féadfaidh an Oifig Aicmithe Scannán deimhnithe a eisiúint chun faisnéis áirithe a chur ar fáil ar féidir glacadh léi mar fhianaise in imeachtaí cúirte.

B'ionann an líon iomlán Deimhnithe a eisíodh in 2010 a thug le fios nach raibh Deimhnithe Soláthair i bhfeidhm faoi Alt 14 (3) (b) i dtaca le saothair áirithe agus 120.

## Airgeadas

B'ionann a leanas na táillí a ghearr an Oifig do dheimhniú scannáin chineama agus DVDanna/físeán agus d'eisiúint ceadúnas in 2010:

| | |
|---|---|
| Físeáin | €1,827,370.26 |
| Scannáin | €305,884.84 |
| Ceadúnais | €381,196.10 |

B'ionann an t-ioncam iomlán a fuarthas ar son na Roinne in 2010 agus €2,514,451.20.




Scott Pilgrim vs. The World
Stiúrthóir: Edgar Wright
12A



The Killer Inside Me
Stiúrthóir: Michael Winterbottom
18



Let Me In
Stiúrthóir: Matt Reeves
16



Despicable Me
Stiúrthóir: Pierre Coffin, Chris Renaud
G

IFCO

"Tagairtí do dhrugaí agus radharc ina mbaintear úsáid as drugaí láidre. Tagairtí agus cásanna measartha gnéis. Friotal tréan."
(Comhairle do thomhaltóirí ar *The Social Network* ar láithreán gréasáin IFCO)




The Social Network
Stiúrthóir: David Fincher

15A

# Deimhniú Scannáin Chineama

## Scannáin Chineama a Deimhníodh in 2010



| | |
|---|---|
| Príomhscannáin | 317 |
| Gearrscannáin | 5 |
| Blúirí | 364 |
| **Iomlán** | **686** |

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 |
|---|---|---|---|---|
| Príomhscannáin | 284 | 297 | 307 | 317 |
| Gearrscannáin | 4 | 10 | 2 | 5 |
| Blúirí | 343 | 378 | 386 | 364 |
| **Iomlán** | **631** | **685** | **695** | **686** |

## Deimhnithe de réir Catagóire



| | |
|---|---|
| G | 23 |
| PG | 49 |
| 12A | 66 |
| 15A | 115 |
| 16 | 41 |
| 18 | 23 |
| **Iomlán** | **317** |

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 |
|---|---|---|---|---|
| G | 15 | 21 | 22 | 23 |
| PG | 51 | 50 | 50 | 49 |
| 12A | 46 | 65 | 56 | 66 |
| 15A | 109 | 86 | 103 | 115 |
| 16 | 41 | 55 | 57 | 41 |
| 18 | 22 | 20 | 19 | 23 |
| **Iomlán** | **284** | **297** | **307** | **317** |

# Tír Bhunaidh

| **Tír Bhunaidh Shingil** | |
|---|---|
| An Astráil | 3 |
| An Ostair | 1 |
| Ceanada | 3 |
| An tSín | 1 |
| An Fhrainc | 13 |
| An Ghearmáin | 1 |
| An Ghréig | 1 |
| An India | 24 |
| An Iaráin | 1 |
| Éire | 11 |
| An Iodáil | 2 |
| An Malaeisia | 1 |
| Meicsiceo | 2 |
| An Ísiltír | 1 |
| An Pholainn | 1 |
| An Rúis | 1 |
| An Spáinn | 2 |
| An RA | 34 |
| SAM | 140 |
| **Iomlán** | **243** |

| **Níos mó ná Tír Bhunaidh Amháin** | |
|---|---|
| An Airgintín/an Chóiré Theas/Brasaíl | 1 |
| An Airgintín/an Spáinn | 1 |
| Ceanada/an Iodáil | 1 |
| An tSile/Meicsiceo | 1 |
| An Fhionlainn/an Iorua/an tSualainn/an Fhrainc | 1 |
| An Fhrainc/an Iodáil an Bheilg | 1 |
| An Fhrainc/an Bheilg | 1 |
| An Fhrainc/Camarún | 1 |
| An Fhrainc/Ceanada/an RA | 1 |
| An Fhrainc/Poblacht na Seice/an RA | 1 |
| An Fhrainc/an Ghearmáin/an RA | 1 |
| An Fhrainc/Iosrael/an Iodáil/an India | 1 |
| An Fhrainc/an Iodáil/an Iaráin | 1 |
| An Fhrainc/Monacó | 1 |
| An Fhrainc/SAM | 5 |
| An Fhrainc/SAM/an Spáinn/an RA | 1 |
| An Ghearmáin/an Fhrainc | 1 |
| An Ghearmáin/an Fhrainc/Iosrael/an Liobráin | 1 |
| An India/an Astráil | 1 |
| Éire/an RA | 2 |
| Éire/an RA/an Bheilg/an Fhrainc | 1 |
| Iosrael/an Ghearmáin/an Fhrainc | 1 |
| An Iodáil/an Fhrainc | 2 |
| An Iodáil/SAM | 1 |
| An Ísiltír/Ceanada/an RA/an Fhrainc/an Pholainn | 1 |
| Peiriú/an Cholóim/an Fhrainc/an Ghearmáin | 1 |
| An Spáinn/Meicsiceo | 1 |
| An Spáinn/an RA | 1 |
| An tSualainn/an Danmhairg/an Ghearmáin | 4 |
| An Téalainn/an RA/an Fhrainc/an Ghearmáin/an Spáinn | 1 |
| An RA/an Astráil | 1 |
| An RA/an Fhrainc | 2 |
| An RA/an Fhrainc/SAM | 1 |
| An RA/an Ghearmáin | 1 |
| An RA/an Ghearmáin/SAM | 1 |
| An RA/an Afraic Theas/Ruanda | 1 |
| An RA/SAM | 13 |
| SAM/an Astráil | 3 |
| SAM/Ceanada | 5 |
| SAM/Ceanada/an Fhrainc | 2 |
| SAM/an tSín | 1 |
| SAM/an Ghearmáin | 1 |
| SAM/an India | 1 |
| SAM/an Nua-Shéalainn | 1 |
| SAM/AEA | 1 |
| **Iomlán** | **74** |

IFCO

"Foréigean tréan le go leor fola, friotal tréan agus ábhar measartha gnéasach."

(Comhairle do thomhaltóirí ar *Kick Ass* ar láithreán gréasáin IFCO)




Kick Ass

Stiúrthóir: Matthew Vaughn

16

## Deimhniú Físeán/DVDanna

### Saothair DVD/Físeáin arna nDeimhniú de réir Catagóire in 2010




| | |
|---|---|
| G | 1509 |
| PG | 1006 |
| 12 | 1256 |
| 15 | 1758 |
| 18 | 390 |
| **Iomlán** | **5919** |


### Saothair DVD/Físeáin arna nDeimhniú de réir Catagóire 2007-2010

| | 2007 | 2008 | 2009 | 2010 |
|---|---|---|---|---|
| G | 2317 | 1977 | 1581 | 1509 |
| PG | 1855 | 1891 | 1383 | 1006 |
| 12 | 1592 | 1659 | 1468 | 1256 |
| 15 | 1806 | 1915 | 1839 | 1758 |
| 18 | 463 | 517 | 419 | 390 |
| **Iomlán** | **8033** | **7959** | **6690** | **5919** |

## Ceadúnais a Eisíodh in 2010

| | |
|---|---|
| Mórdhíol | 8 |
| Miondíol Feithicle | 6 |
| Miondíol | 1990 |
| **Iomlán** | **2004** |





Tron: Legacy

Stiúrthóir: Joseph Kosinski



The Town

Stiúrthóir: Ben Affleck

“Céasadh leanúnach grafach sádach agus marú/gortú le go leor leor fola. Tá an t-ábhar seo ar chomhchéim le heisiúintí eile sa saincheadúnas.”

(Comhairle do thomhaltóirí ar *Saw 3D* ar láithreán gréasáin IFCO)



Saw 3D

Stiúrthóir: Kevin Greutert

18

## Foireann

### Stiúrthóir Gníomhach Aicmithe Scannán

Ceapadh Ger Connolly mar Stiúrthóir Gníomhach i Nollaig 2009, tar éis dó feidhmiú mar Leas-Stiúrthóir ó 2003 i leith. Rugadh é i mBaile Chill Dara agus tá cónaí ann. Bhain sé céim B.Comm. amach ón gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath. Rinne sé staidéar ar chuntasaíocht le Deloitte, Haskins & Sells, agus d'oibrigh sé i bpost cuntasóra sna tionscail fógraíochta agus déantúsaíochta.

Déanann sé ionadaíocht d'Éirinn ag Comhairle na nAicmitheoirí Eorpacha Scannán agus is comhalta é de Bhord Comhairleach agus Achomhairc PEGI, an Córas Pan-Eorpach um Fhaisnéis faoi Chluichí.

### Aicmitheoirí Páirtaimseartha Cúnta

Olga Bennett
Cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath
Iar-Ionadaí Poiblí
1 Leanbh
Ceaptha 1993

Mark Brennan
Cónaí air i mBaile Átha Cliath
Iriseoir agus Léiritheoir Teilifíse
2 Leanaí
Ceaptha 2004
Athcheaptha 2007
Conradh in éag 2010

Elizabeth Davidson
Cónaí uirthi i mBaile Átha Cliath
Oideachasóir
4 Leanaí
Ceaptha 2008

Tom Fitzgerald
Cónaí air sa Daingean
Iar-Ionadaí Poiblí
3 Leanaí
Ceaptha 2002

John Keith
Cónaí air san Aonach
Iar-Státseirbhíseach
3 Leanaí
Ceaptha 1993

Mairead Marron
Cónaí uirthi i Sord
Comhairleoir/Síciteiripeoir
6 Leanaí
Ceaptha 1995

Marian McGennis
Cónaí uirthi i mBaile Briotáis,
Co Laoise
Iar-Ionadaí Poiblí
3 Leanaí
Ceaptha 2007
Conradh in éag 2010

P. J. Sheridan
Cónaí air i gClaonadh
Co Chill Dara
3 Leanaí
Ceaptha 2004
Athcheaptha 2007
Conradh in éag 2010

Tony Stapleton
Cónaí air san Uaimh
Iar-Stiúrthóir Díolachán
5 Leanaí
Ceaptha 1993

Is í Mary Ita O'Sullivan Bainisteoir na hOifige agus déanann sí maoirsiú ar fhoireann Státseirbhíseach.

www.ifco.ie

G PG 12A 15A 16 18

IFCO
IRISH FILM CLASSIFICATION OFFICE